Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0173

Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úisbéiceastáin

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2026 maidir le dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile (09190/2025 – C10-0280/2025 – 2024/0260(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (09190/2025),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile (6300/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagail 207 agus 209 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0280/2025),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 20 Bealtaine 2026[1] ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2026)0174.

0102/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Poblacht na hÚisbéiceastáine.